2026/1975

9.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1975 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Meán Fómhair 2026

lena n-údaraítear díolúine de bhun Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le húsáid gás ceaptha teasa fluairínithe i dtrealamh áirithe a úsáidtear chun aer comhbhrúite a thriomú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh cuirtear toirmeasc le pointe 7(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 ar fhuaraitheoirí do-aistrithe a chur ar an margadh ina bhfuil toilleadh ainmniúil suas le 12 kW agus an toilleadh sin san áireamh, ar fuaraitheoirí iad ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe arb é 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téimh dhomhanda nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ach amháin má cheanglaítear orthu ceanglais sábháilteachta ag an láithreán oibriúcháin a chomhlíonadh. Ón dáta céanna ar aghaidh cuirtear toirmeasc le pointí 8(b) agus 8(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin ar threalamh aerchóiriúcháin féinchuimsitheach a chur ar an margadh ina bhfuil toilleadh ainmniúil a shonraítear sna pointí sin, ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe arb é 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téimh dhomhanda nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ach amháin má cheanglaítear orthu ceanglais sábháilteachta ag an láithreán oibriúcháin a chomhlíonadh.

(2) I mí Feabhra 2026 chuir údaráis inniúla na Gearmáine iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagal 11(5) de Rialachán (AE) 2024/573, ar údarú díolúine (an iarraidh ar dhíolúine) lena gceadaítear trealamh áirithe a úsáidtear chun aer comhbhrúite a thriomú (Triomadóirí Cuisnithe Aeir Chomhbhrúite) a chur ar an margadh, ar trealamh é a bhfuil toirmeasc le cur ar a chur ar an margadh faoi phointe 7(b), pointe 8(b) agus pointe 8(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh.

(3) Is é an trealamh lena mbaineann an iarraidh ar dhíolúine (i) fuaraitheoirí do-aistrithe ina bhfuil acmhainneacht fuaraithe suas le 12 kW agus an acmhainneacht sin san áireamh a úsáidtear chun aer comhbhrúite a thriomú agus (ii) trealamh aerchóiriúcháin féinchuimsitheach do-aistrithe a úsáidtear chun aer comhbhrúite a thriomú. Comhpháirteanna riachtanacha atá sa trealamh sin de shuiteálacha aeir chomhbhrúite a úsáidtear go forleathan ar fud na n-earnálacha tionsclaíocha, mar a n-áirithíonn siad go mbaintear an taise go hiontaofa, rud atá riachtanach d'fheidhmiú cuí na bpróiseas táirgthe agus an trealaimh.

(4) De réir na hiarrata ar dhíolúine, maidir le Triomadóirí Cuisnithe Aeir Chomhbhrúite a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, níl siad ar fáil ar bhonn tráchtála faoi láthair le haghaidh raon iomlán na bhfeidhmeanna tionsclaíocha. D'ainneoin iarrachtaí leanúnacha taighde agus forbartha, níl roghanna malartacha ina n-úsáidtear cuisneáin ar lú ná 150 a n-acmhainneacht téimh dhomhanda aibí go leor fós chun na caighdeáin feidhmíochta, sábháilteachta agus iontaofachta is gá a chomhlíonadh le haghaidh na bhfeidhmeanna uile.

(5) Thairis sin, léirítear san iarraidh ar dhíolúine go n-éilíonn an t-aistriú chuig teicneolaíochtaí malartacha go ndéanfaí coincheapa sábháilteachta nua a fhorbairt agus a bhailíochtú, chomh maith le hoiriúnuithe deartha chun lucht an chuisneáin a laghdú, nach féidir a chur i gcrích roimh na dátaí toirmisc is infheidhme. Luaitear ann freisin, in éagmais díolúine, go mbeadh costais dhíréireacha agus rioscaí oibríochtúla roimh oibreoirí agus monaróirí, lena n-áirítear an gá atá le hionadú roimh am nó réitigh eatramhacha, rud a bhainfeadh an bonn den infheistíocht i dteicneolaíochtaí inbhuanaithe fadtéarmacha.

(6) Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarraidh ar dhíolúine agus measann sé go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 11(5), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2024/573. Go háirithe, níl roghanna malartacha oiriúnacha indéanta go teicniúil go fóill le haghaidh na bhfeidhmeanna uile, agus bheadh costais dhíréireacha mar thoradh ar easpa díolúine.

([1]) IO L, 2024/573, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj.

(7) Faoi na himthosca eisceachtúla sin, is iomchuí díolúine a bhfuil teorainn ama léi a dheonú chun leanúnachas na n-oibríochtaí tionsclaíocha a áirithiú agus dóthain ama á tabhairt chun roghanna malartacha comhlíontacha a fhorbairt agus a chur in úsáid. Measann an Coimisiún go bhfuil tréimhse 4 bliana le haghaidh an trealaimh a liostaítear i bpointe 7(b), pointe 8(b) agus pointe 8(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 iomchuí agus comhréireach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um gháis ceaptha teasa fhluairínithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. De mhaolú ar phointe 7(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, údaraítear leis seo fuaraitheoirí do-aistrithe ina bhfuil toilleadh ainmniúil suas le 12 kW agus an toilleadh sin san áireamh, ar fuaraitheoirí iad arb é 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téimh dhomhanda nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, a úsáidtear chun aer comhbhrúite a thriomú (Triomadóirí Cuisnithe Aeir Chomhbhrúite), ar choinníoll go ndéantar iad a lipéadú de bhun Airteagal 12(2) den Rialachán sin.

2. De mhaolú ar phointe 8(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, údaraítear leis seo trealamh aerchóiriúcháin féinchuimsitheach do-aistrithe ina bhfuil toilleadh ainmniúil uasta suas le 12 kW agus an toilleadh sin san áireamh, ar fuaraitheoirí iad arb é 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téimh dhomhanda nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú nó a úsáidtear chun aer comhbhrúite a thriomú (Triomadóirí Cuisnithe Aeir Chomhbhrúite), ar choinníoll go ndéantar iad a lipéadú de bhun Airteagal 12(2) den Rialachán sin.

3. De mhaolú ar phointe 8(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, údaraítear leis seo trealamh aerchóiriúcháin féinchuimsitheach do-aistrithe ina bhfuil toilleadh ainmniúil uasta os cionn 12 kW ach nach mó é ná 50 kW, ar fuaraitheoirí iad arb é 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téimh dhomhanda nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú nó a úsáidtear chun aer comhbhrúite a thriomú (Triomadóirí Cuisnithe Aeir Chomhbhrúite), ar choinníoll go ndéantar iad a lipéadú de bhun Airteagal 12(2) den Rialachán sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2030.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN